

An cibearfhoréigean in aghaidh na mban agus na gcailíní



CLÁR ÁBHAR

Réamhrá 1

An cibearfhoréigean mar chineál foréigin inscnebhunaithe	1
Cad is cibearfhoréigean in aghaidh na mban agus na gcailíní ann?	1
Cineálacha cibearfhoréigin in aghaidh na mban agus na gcailíní a shainmhíniú	2

An fháil ar shonraí agus taighde 3

Freagairtí ón lucht forfheidhmithe dlí	4
--	---

Conclúidí agus moltaí 6

Fonótaí 7

Réamhrá

Is fadhb dhomhanda mhéadaitheach é an cibearfhoréigean in aghaidh na mban agus na gcaillíní anois, agus é ag teacht as tionchar méadaithe an idirlín, as an mearscaipeadh faisnéise móibíleach, as úsáid fhorleathan na meán sóisialta agus as paindéim reatha an fhoréigin in aghaidh na mban agus na gcaillíní ⁽¹⁾. Is fadhb é an cibearfhoréigean a bhféadfadh móriarmhairtí eacnamaíocha agus sochaíocha a bheith aige freisin ⁽²⁾.

Léirítear i dtaighde ⁽³⁾ go ndéanfar cineál éigin foréigin ar bhean amháin as gach triúr le linn a saoil agus, in ainneoin gur feiniméan measartha nua atá ag fás í nascacht idirlín, meastar go bhfuil cineál éigin cibearfhoréigin déanta cheana féin ar bhean amháin as gach deichniúr ó bhain siad 15 bliana d’aois amach ⁽⁴⁾. Is amhlaidh go bhfuil rochtain ar an idirlíon ina riachtanas anois chun rathúnas eacnamaíoch a bhaint amach ⁽⁵⁾. Measann níos mó agus níos mó daoine gur ceart bunúsach an duine é an t-idirlíon freisin ⁽⁶⁾. Mar sin, tá sé riachtanach a chinntiú go mbíonn an spás digiteach poiblí sin ina áit shábháilte chumhachtaithe do gach duine, mná agus cailíní san áireamh.

Thug an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE) faoi thaighde deisce le déanaí chun tuiscint níos fearr a ghnóthú ar chineál an chibearfhoréigin in aghaidh na mban agus na gcaillíní agus ar a leitheadúla atá sé. Bhí sé mar aidhm leis an taighde sin sainaithint agus anailís a dhéanamh ar an taighde reatha ar chineálacha difriúla cibearfhoréigin in aghaidh na mban agus na gcaillíní agus measúnú a dhéanamh ar an bhfáil ar shonraí suirbhé agus riaracháin ar an bhfeiniméan. Bunús an pháipéir seo is ea fionnachtana an taighde sin agus na moltaí a rinneadh dá mbun.

An cibearfhoréigean mar chineál foréigin inscnebhunaithe

Cad is cibearfhoréigean in aghaidh na mban agus na gcaillíní ann?

Go dtí seo, ní dhearnadh breithniú iomlán ar leibhéal an Aontais Eorpaigh ar cad is cibearfhoréigean in aghaidh na mban agus na gcaillíní ann ná níor leagadh aon reachtaíocht síos chun é a chomhrac. Ní dhearnadh aon suirbhé a bhí imdhealaithe de réir inscne ar fud an Aontais Eorpaigh ach oiread ar a leitheadúla atá an cibearfhoréigean in aghaidh na mban agus na gcaillíní ná ar an dochar a dhéanann sé. Is beag taighde náisiúnta atá ann laistigh de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh freisin. Tugtar le fios sa taighde atá ar fáil, áfach, go ndírítear cineálacha áirithe cibearfhoréigin go díreireach ar na mná seachas na fir. I suirbhé a rinneadh ar níos mó ná 9,000 úsáideoir idirlín idir 10 mbliana d’aois agus 50 bliain d’aois sa Ghearmáin, mar shampla, ba mhó i bhfad an líon ban ná an líon fear a cuireadh faoi réir ciapadh gnéasach ar líne agus cibearstalcaireachta. Chomh maith leis sin, ba mhó an dochar a rinne na cineálacha foréigin sin d’íospartaigh ná an dochar a rinne cineálacha eile foréigin ⁽⁷⁾.

Tacaítear leis an bhfionnachtain sin i suirbhé a rinne Ionad Taighde Pew sna Stáit Aontaithe sa bhliain 2014 ⁽⁸⁾. Fuarthas amach sa taighde sin gurb amhlaidh, cé go bhfuil seans beagáinín níos fearr ann go bhfulaingeoideh na fir cineálacha “éadroma” ciaptha ar líne (amhail glaoch ainmneacha agus náire), cuirtear na mná (go háirithe mná óga idir 18-24 bliain d’aois) go díreireach faoi réir dianchineálacha cibirchiaptha amhail cibearstalcaireacht agus ciapadh gnéasach ar líne.

Tacaítear le torthaí na staidéar sin i dtaighde eile freisin, áit a léirítear na laigí a ghabhann le cur chuige atá dall ar inscne a ghlacadh i leith an chibearfhoréigin. Tugtar le fios san fhianaise reatha nach ionann na cineálacha foréigin a dhéantar agus an dochar a ghabhann leo d’fhir agus do mhná ⁽⁹⁾.

Ina theannta sin, deir saineolaithe nár cheart féachaint ar an gcibearfhoréigean in aghaidh na mban agus na gcaillíní

mar fheiniméan atá ar leithligh go hiomlán ó fhoréigean “fíorshaoil”. Mar a tharlaíonn, deir siad gur cheart féachaint air mar leanúntas foréigin as líne. Mar shampla, leanann cibearstalcaireacht ó pháirtneir nó iarpháirtneir na patrúin chéanna a leanann stalcaireacht as líne. Mar sin, is cineál foréigin dlúthpháirtneara í an chibearstalcaireacht ⁽¹⁰⁾, cé gur leis an teicneolaíocht a éascaítear í ⁽¹¹⁾. Deimhnítear an leanúntas sin san fhianaise: fuarthas amach i staidéar a rinneadh ar an gcibearstalcaireacht sa Ríocht Aontaithe gur i gcor fíorshaoil a bhuaill níos mó ná leath na na daoine lena mbaineann (54 %), lena chéile den chéad uair ⁽¹²⁾.

Ina theannta sin, léirítear sna sonraí ó shuirbhé a rinne Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA, 2014) gur fhulaing 77% de mhná a d'fhulaing cibirchiapadh ⁽¹³⁾, cineál amháin ar a laghad d'fhoréigean gnéasach agus/nó fisiciúil ó dhlúthpháirtneir freisin. Léirítear iontu chomh maith gur fhulaing seachtar ban as gach deichniúr (70 %) a d'fhulaing cibearstalcaireacht ⁽¹⁴⁾, cineál amháin ar a laghad d'fhoréigean gnéasach agus/nó fisiciúil ó dhlúthpháirtneir freisin ⁽¹⁵⁾.

Cineálacha cibearfhoréigin in aghaidh na mban agus na gcaillíní a shainmhíniú

Is ann do chineálacha éagsúla cibearfhoréigin in aghaidh na mban agus na gcaillíní. Áirítear leo na nithe seo a leanas, ach gan a bheith teoranta dóibh: cibearstalcaireacht, pornagrafaíocht neamh-chomhthoiliúil (ar a dtugtar “pornagrafaíocht díoltais” freisin), maslaí agus ciapadh inscnebhunaithe, “náiriú striapach”, pornagrafaíocht gan iarraidh, fáisceadh gnéasach, bagairtí éignithe agus báis, “docsáil”, agus gáinneáil ríomhchumasaithe ⁽¹⁶⁾.

Sa pháipéar seo, díreoidh EIGE go príomha ar na cineálacha cibearfhoréigin in aghaidh na mban agus na gcaillíní a bhfuil an nasc is dlúithe acu le foréigean dlúthpháirtneara, bunaithe ar an eolas atá againn faoi láthair ar an ngéarthionchar a bhíonn ag foréigean dlúthpháirtneara ar íospartaigh. Áireofar leo sin an chibearstalcaireacht, an cibirchiapadh agus an phornagrafaíocht neamh-chomhthoiliúil.

Faoi mar a tharlaíonn i gcás an fhoréigin dlúthpháirtneara a fhulaingítear as líne, is iomaí bealach ina ndéantar cibearfhoréigean in aghaidh na mban agus na gcaillíní, lena n-áirítear foréigean gnéasach agus foréigean síceolaíoch. Cineál eile foréigin atá ag éirí níos coitianta, de réir treochtaí reatha, is ea foréigean eacnamaíoch, rud ina gcuirtear stádas fostaíochta an íospartaigh san am i láthair nó san am atá le teacht i mbaol de bharr faisnéise a eisíodh ar líne. Ina theannta sin, níor cheart neamhshuim a dhéanamh den bhaol go dtiocfadh foréigean fisiciúil as foréigean sa chibearspás. Mar sin féin, teastaíonn tuilleadh taighde ar thaithí íospartaigh an chibearfhoréigin in aghaidh na mban agus na gcaillíní chun tuiscint níos fearr a ghnóthú ar an difear a dhéanann sé.

Toisc nach bhfuil aon sainmhínte comhaontaithe ann ar leibhéal an Aontais Eorpaigh ar na cineálacha sin cibearfhoréigin in aghaidh na mban agus na gcaillíní, is ar athbhreithniú ar an litríocht atá na mínithe seo a leanas bunaithe.

An Chibearstalcaireacht

Is ionann an chibearstalcaireacht agus cineál stalcaireachta a dhéantar trí ríomhphost, trí theachtaireachtaí téacs (nó teachtaireachtaí ar líne) nó ar an idirlíon. Is é atá i gceist le stalcaireacht teagmhais leanúnacha a d'fhéadfadh a bheith ina ngníomhartha neamhdhochracha leo féin ach a d'fhéadfadh freisin, nuair a thógtar le chéile iad, an bonn a bhaint ó bhraistint sábháilteachta an íospartaigh agus míshuaimhneas, eagla nó imní a chruthú.

Áirítear iad seo a leanas leis na gníomhartha lena mbaineann:

- Ríomhphoist, teachtaireachtaí téacs (SMS) nó teachtaireachtaí meandracha atá gránna nó bagrach a sheoladh;
- Tuairimí gránna faoin bhfreagróir a phostáil ar an idirlíon;
- Grianghraif nó físeáin phríobháideacha den fhreagróir a chomhroinnt ar an idirlíon nó trí fhón póca.

Chun go measfar gur cibearstalcaireacht iad, ní mór go mbíonn na gníomhartha sin á ndéanamh arís agus arís eile ag an duine céanna thar thréimhse leanúnach.

An Cibirchiapadh

Is féidir cibirchiapadh a dhéanamh ar chuid mhór bealaí ach, chun críche an pháipéir seo, áirítear na nithe seo a leanas leis:

- Ríomhphoist agus teachtaireachtaí téacs (nó teachtaireachtaí ar líne) atá gáirsiúil a sheoladh gan iarraidh;
- Cluanaireacht atá míchuí nó gránna a dhéanamh ar shuíomhanna gréasáin líonraithe shóisialta nó i seomraí comhrá idirlín;
- Bagairtí foréigin fhisiciúil agus/nó ghnéasaigh a sheoladh trí ríomhphost nó trí theachtaireachtaí téacs (nó teachtaireachtaí ar líne);
- Fuathchaint, is é sin, teanga lena gcaitear drochmheas, lena mbagraítear nó lena spriocdhírítear ar dhuine aonair, nó lena maslaítear duine aonair, bunaithe ar a fhéiniúlacht (inscne) agus tréithe eile (amhail gnéaschlaonadh agus míchumas).

An Pornagrafaíocht Neamh-chomhthoiliúil

Is é atá i gceist leis an bpornagrafaíocht neamh-chomhthoiliúil, ar a dtugtar an cibear-dhúshaothrú nó “an phornagrafaíocht díoltais” freisin, ná grianghraif nó físeáin ghnéasacha a dháileadh ar líne gan cead a fháil ón duine aonair a léirítear sna híomhánna. Is minic is iartháirtnéir é déantóir na coire, ar duine é a fuair na híomhánna nó na físeáin le linn caidreamh roimhe sin agus a bhfuil sé mar aidhm aige an t-íospartach a náiriú go poiblí mar dhíoltas as deireadh a chur leis an gcaidreamh. Mar sin féin, ní gá go mbíonn déantóirí na coire ina bpáirtnéirí nó ina n-iartháirtnéirí agus ní mar dhíoltas a dháiltear na híomhánna i ngach cás. Is féidir íomhánna a fháil freisin trí haiceáil isteach i ríomhaire, cuntais mheán sóisialta nó fón an íospartaigh, agus é mar aidhm leis sin fíordhamáiste a dhéanamh do bheatha na targaide “san fhíorshaol” (chun go mbrisfí as a phost é, mar shampla).

Tá roinnt mórchásanna inar cuireadh ban-íospartaigh faoi réir pornagrafaíocht neamh-chomhthoiliúil ag teacht chun cinn i mBallstáit an Aontais Eorpaigh agus na Stáit Aontaithe le blianta beaga anuas. Chuir roinnt de na mná lena mbaineann lámh ina mbás féin dá bharr sin freisin ⁽¹⁷⁾. Tugtar le fios sa taighde gur mná iad 90% d’íospartaigh na pornagrafaíochta díoltais ⁽¹⁸⁾ agus go bhfuil an líon cásanna ina leith sin ⁽¹⁹⁾ ag méadú. Tá an líon suíomhanna gréasáin atá dírithe ar phornagrafaíocht díoltais a chomhroinnt ag méadú freisin, suíomhanna ar féidir le húsáideoirí íomhánna a chur isteach mar aon le faisnéis phearsanta amhail seoladh agus fostóir an íospartaigh agus naisc chuig próifíil ar líne an íospartaigh ⁽²⁰⁾.

Treocht ghaolmhar eile a dhéanann an dochar ollmhór céanna d’íospartaigh is ea teagmhais ionsaithe ghnéasaigh agus éignithe a chraoladh go beo trí na meáin shóisialta. Tá dhá chás iomráiteacha tagtha chun cinn ina leith sin cheana féin sa bhliain 2017: ceann amháin sa tSualainn agus an ceann eile sna Stáit Aontaithe. Sa dá chás sin, sruthaíodh éigniú na n-íospartach ar líne tríd an bhfeidhm “Facebook beo” ⁽²¹⁾.

An fháil ar shonraí agus taighde

Tá easpa sonraí ann faoin gcibearfhoréigean in aghaidh na mban agus na gcaillíní san Aontas Eorpach. Mar gheall air sin, is beag eolas atá againn faoin gcéatadán iarbhir d’íospartaigh an chibearfhoréigin in aghaidh na mban agus na gcaillíní atá ann agus faoi leitheadúlacht an dochair. Tá an fhaisnéis is fearr ar leibhéal an Aontais Eorpaigh le fáil sa Suirbhé Eorpach ar Fhoréigean in aghaidh na mBan ó Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA, 2014). Ba shuirbhé é sin ina raibh ceisteanna faoin gcibearstalcaireacht ⁽²²⁾ agus faoin gcibirchiapadh ⁽²³⁾. Toisc go raibh an suirbhé sin ar an gcéad cheann riamh inar bailíodh sonraí faoi na cineálacha sin cibearfhoréigin in aghaidh na mban agus na gcaillíní ar fud an Aontais Eorpaigh, áfach, níl aon bhealach ann inar féidir éabhlóid na bhfeiniméan agus na dtreochtaí ó thaobh an lín íospartaigh de a rianú le himeacht ama.

Diomaite de shuirbhé amháin (a rinneadh sa Danmhairg sa bhliain 2008), ní rabhthas in ann aon suirbhé a bhí ionadaíoch do leitheadúlacht náisiúnta an chibearfhoréigin in aghaidh na mban agus na gcaillíní a shainaithint ar leibhéal na mBallstát ⁽²⁴⁾.

Ós rud é nach ndéantar coir i bhformhór na mBallstát as cineálacha cibearfhoréigin in aghaidh na mban agus na gcaillíní, is beag sonraí póilíneachta nó ceartais atá againn faoin bhfeiniméan. Fiú amháin sna Ballstáit sin ina ndéantar coir as cineálacha cibearfhoréigin in aghaidh na mban agus na gcaillíní, níl na sonraí arna mbailiú imdhealaithe de réir inscne an íospartaigh agus déantóir na coire agus ní thugtar faisnéis iontu ach oiread faoin gcaidreamh idir an t-íospartach agus déantóir na coire. Baineann an méid sin ar fad an bonn ó luach na sonraí ⁽²⁵⁾. Cuireann an easpa sonraí sin srian ar an gcumas chun anailís inscnebhunaithe a dhéanamh ar an gcibearfhoréigean agus ar an gcumas chun cibearfhoréigean ar líne in aghaidh na mban agus na gcaillíní agus cibearfhoréigean as líne in aghaidh na mban agus na gcaillíní a chur i gcomparáid lena chéile.

Mar aon le dul i ngleic leis na bearnaí thuasluaite, tá tuilleadh taighde ag teastáil sna réimsí seo a leanas freisin:

1. Úsáid fógraí nó postálacha ar líne chun mná a mhealladh go cora a d'fhéadfadh bheith dochrach ("earcaíocht").
2. Measúnú ar a dhéine atá an dochar a fhulaingíonn íospartaigh na gcineálacha cibearfhoréigin in aghaidh na mban agus na gcailíní agus ar an difear a dhéanann siad dá saol.
3. Na dea-chleachtais maidir le freagairtí póilíneachta agus ceartais don chibearfhoréigean in aghaidh na mban agus na gcailíní, lena n-áirítear na nithe a measann íospartaigh gur dea-chleachtais iad.
4. Sainaitheint agus anailís ar thosca riosca agus ar nósanna imeachta measúnaithe riosca, ar mhaithe le dochar agus athíospairt a chosc.

Freagairtí ón lucht forfheidhmithe dlí

Rinne roinnt Ballstát reachtaíocht a ghlacadh le déanaí lena ndírítear ar chineálacha cibearfhoréigin in aghaidh na mban agus na gcailíní. Mar shampla, achtaíodh forálacha lena ndéantar coir as an bpornagrafaíocht díoltais sa Ríocht Aontaithe, an Fhrainc, an Ghearmáin agus Málta. Tá beartais ar feitheamh in Éirinn agus an tSlóivéin faoi láthair freisin. Cé gur bearta dearfacha iad sin, tugtar le fios i staidéir go bhfuil ag teip ar na cineálacha cur chuige reatha dlí agus beartais san Aontas Eorpach dul i ngleic go sásúil leis an dochar sóisialta agus síceolaíoch a thagann as íomhánna gnéasacha a úsáid chun mná a chiapadh, a chomhéigniú agus a dhúmhladh ⁽²⁶⁾.

Ina theannta sin, léirítear i dtaighde gur neamhimleor atá an dóigh a bhfreagraíonn an earnáil ceartais choiriúil do bhan-íospartaigh an chibearfhoréigin in aghaidh na mban agus na gcailíní. Mar shampla, i gcás an 1 160 teagmhas pornagrafaíochta díoltais a tuairiscíodh sa Ríocht Aontaithe le linn an chéad sé mhí tar éis coir a dhéanamh aisti, níor tugadh aon chaingean eile ar dhéantóir coire a líomhnaítear i 61 % de chásanna ⁽²⁷⁾.

Sa bhliain 2013, rinne an Chomhghuaillíocht um Dhíothú an Fhoréigin in aghaidh na mBan cuntais a bhailiú ag cruinniú comhchéime ar an dóigh a ndéantar "foréigean agus ciapadh" ar líne a fhorfheidhmiú agus a ionchúiseamh. Chuir sí ábhair imní in iúl ansin gur ghlac údaráis cheartais choiriúil cur chuige difriúil a bhí níos laige i leith foréigean agus ciapadh a rinneadh ar líne i gcomparáid leis an gcur chuige a glacadh i leith foréigean agus ciapadh a rinneadh as líne. Mar a tharla, fuair roinnt rannpháirtithe iad féin "freagairtí póilíneachta a bhí neamhimleor go hiomlán" agus coir a rinneadh ar líne á tuairisciú acu ⁽²⁸⁾.

Tacaítear i staidéir leis na hábhair imní sin. Léirítear iontu an frustrachas a bhíonn ar na mná faoi na póilíní a chaitheann le gach teachtaireacht aonair ar líne mar ghníomh scoite, seachas breithniú a dhéanamh ar an difear carnach a dhéanann an mhí-úsáid ⁽²⁹⁾. Léiríonn an méid sin na hábhair imní níos leithne atá ann faoin dóigh a bhfreagraíonn an córas ceartais choiriúil don fhoréigean in aghaidh na mban agus na gcailíní

i gcoitinne (an foréigean dlúthpháirtnéara go háirithe). Ina theannta sin, tá dearcadh ann go fóill go mbíonn an locht ar an íospartach, go háirithe i gcásanna pornagrafaíochta díoltais. Is fianaise é sin ar an easpa tuisceana agus feasachta atá ann ar an bhfadhb. Mar bharr ar an donas, níor aithin níos mó ná leath na n-íospartach lena mbaineann (de réir suirbhé a rinneadh sna Stáit Aontaithe sa bhliain 2014) gur cion í stalcaireacht agus cibearstalcaireacht ⁽³⁰⁾.

Is féidir freagairt neamhimleor an chórais cheartais choiriúil a chur go páirteach i leith an déscartha bhréagaigh atá ann idir an foréigean ar líne in aghaidh na mban agus na gcailíní agus an foréigean as líne in aghaidh na mban agus na gcailíní. Is é an toradh atá ar an déscaradh sin go ndéanann na póilíní neamhshuim den dochar a ghabhann leis an gcibearfhoréigean in aghaidh na mban agus na gcailíní, go ndéanann siad rud beag den dochar sin, agus go bhféachann siad ar taithí na n-íospartach mar “theagmhais” aonair agus ní mar phatrúin iompraíochta a tharlaíonn thar thréimhse ama.

Léirítear sna fionnachtana sin an gá atá ann le hidirghabhálacha éifeachtacha beartais a dhearadh ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus ar leibhéal na mBallstát araon, lena n-áirítear na hidirghabhálacha seo a leanas, ach gan a bheith teoranta dóibh: feachtas mhúscaillte feasachta a reáchtáil agus oiliúint sa chibearfhoréigean in aghaidh na mban agus na gcailíní a chur ar bhaill foirne san earnáil póilíneachta agus ceartais.

Dea-chleachtas

Reachtaíocht

I mí Aibreáin 2015, rinneadh cion coiriúil sa Ríocht Aontaithe as grianghraif nó físeáin ghnéasacha phríobháideacha a chomhroinnt gan cead an duine is ábhar dóibh a fháil i gcás go rabhthas ag iarraidh cur isteach ar na daoine ar spriocdhíríodh orthu. Tá príosúnacht dhá bhliain ar a mhéad ag gabháil leis an gcion sin ⁽³¹⁾. I mí Mheán Fómhair 2016, fógraíodh gur ionchúisíodh breis agus 200 duine ón uair a tháinig an dlí i bhfeidhm i leith ⁽³²⁾.

Ina theannta sin, ghlac an Fhrainc “Dlí na Poblachta Digití” sa bhliain 2016. Is é atá i gceist leis go ngearrtar pionóis níos déine ar dhaoine a fhaightear a bheith ciontach i bpornagrafaíocht díoltais. I gcomhréir leis an reachtaíocht nua, gearrtar príosúnacht dhá bhliain nó fíneáil EUR 60 000 ar dhéantóirí na coire sin ⁽³³⁾.

D’achtaigh cúirt Ghearmánach forálacha den chineál céanna sa bhliain 2014. Rinne sí coir as grianghraif phríobháideacha d’iarpháirtnéir a stóráil tar éis don duine sin a iarraidh go scriosfaí iad ⁽³⁴⁾.

Taighde agus idirghabhálacha

Sa bhliain 2009, sheol an Ríocht Aontaithe an Lárionad Náisiúnta um Thaighde ar an gCibearstalcaireacht (NCCR) ⁽³⁵⁾. Is é aidhm an Lárionaid taighde agus anailís a dhéanamh ar a leitheadúla atá an cibearfhoréigean in aghaidh na mban agus na gcailíní, ar an spreagadh atá taobh thiar de, ar an difear a dhéanann sé agus ar an measúnú riosca a dhéantar air. Sa bhliain 2011, d’fhoilsigh an Lárionad na torthaí ar staidéar a rinneadh ar a leitheadúla atá an chibearstalcaireacht, ar chineál na cibearstalcaireachta agus ar an difear a dhéanann sí ⁽³⁶⁾. Tá suirbhé á dhéanamh aige faoi láthair ina n-imscrúdaítear a leitheadúla atá an phornagrafaíocht díoltais agus an difear a dhéanann sí. Cuireadh líne chabhrach d’íospartaigh na pornagrafaíochta díoltais ar bun ina dhiaidh sin sa bhliain 2015. Tugadh geall le 2 000 glao ar an líne sa chéad sé mhí a bhí sí i mbun oibre ⁽³⁷⁾.

I mí Iúil 2017, seolfaidh an tSlóivéin tionscadal “CYBERVAW”. Beidh sé mar aidhm leis an tionscadal forbairt a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí múscaillte feasachta agus oideachais lena scaipfear teachtaireacht shoiléir á rá nach gcuirfear suas le foréigean in aghaidh na mban agus na gcailíní ar chor ar bith. Díreofar go sonrach sa tionscadal ar chibearfhoréigean agus cibirchiapadh inscnebhunaithe mar chineál foréigin in aghaidh na mban agus na gcailíní a chosc ⁽³⁸⁾.

Conclúidí agus moltaí

Mar achoimre, ní féidir linn a leitheadúla atá an cibearfhoréigean in aghaidh na mban agus na gcaillíní san Aontas Eorpach ná an difear a dhéanann sé a mheas go leordhóthanach mar nach bhfuil go leor taighde agus sonraí ar fáil ar leibhéal an Aontais Eorpaigh faoi láthair. Mar sin féin, is féidir a fheiceáil san fhianaise mhéadaitheach atá ar fáil gur fadhb é atá ag fás. Téann sé i bhfeidhm ar mhná agus ar chailíní go díreireach, agus tionchar dian á imirt aige ar bheatha na n-íospartach “san fhíorshaol”. Chun a leitheadúla atá an cibearfhoréigean in aghaidh na mban agus na gcaillíní, na tosca riosca atá taobh thiar de agus freagairtí éifeachtacha beartais dó a chinneadh ar bhealach níos fearr, ba cheart tús áite a thabhairt d’uirlisí tomhais agus cainníochtaithe a fhorbairt le haghaidh na gcineálacha sin gnímh.

Tá na moltaí seo a leanas ag teacht leis an gcreat dlíthiúil idirnáisiúnta um chearta an duine, lena n-áirítear Coinbhinsiún Iostanbúl. Chomh maith leis sin, tá siad bunaithe ar athbhreithniú ar an litríocht agus an fhianaise reatha atá ar fáil. Is é an phríomhaidhm atá leo tacú leis na Ballstáit den Aontas Eorpach feabhas a chur ar fhreagairtí institiúideacha don chibearfhoréigean in aghaidh na mban agus na gcaillíní chun cosaint a thabhairt do mhná nuair atá siad ar líne agus nuair nach bhfuil.

1. Ba cheart freagairtí beartais a cheapadh agus aitheantas á thabhairt don fhíríc gur cineál foréigin in aghaidh na mban agus na gcaillíní é an cibearfhoréigean in aghaidh na mban agus na gcaillíní. Ní mór ionchur ó mhná is íospartaigh na faidhbe a chur san áireamh i straitéisí le haghaidh dul i ngleic leis an gcibearfhoréigin in aghaidh na mban agus na gcaillíní.
2. I gceann tamaillín, ba cheart na sainmhínte ar an gcibearchoireacht ar shuíomh gréasáin na hArd-Stiúrthóireachta um Imirce agus Gnóthaí Baile a nuashonrú chun cineálacha cibearfhoréigin in aghaidh na mban agus na gcaillíní a chur ar áireamh iontu. Ba cheart, ar a laghad, an fuath ban a chur ar áireamh sa tríú cuid den sainmhíniú atá ar an gcibearchoireacht ⁽³⁹⁾.
3. Ba cheart don Aontas Eorpach díriú ar shainmhínte a chomhaontú ar chineálacha cibearfhoréigin in aghaidh na mban agus na gcaillíní agus na cineálacha foréigin sin a chur ar áireamh i reachtaíocht an Aontais Eorpaigh chun a chinntiú go bhfuil rochtain ar cheartas agus sainseirbhísí tacaíochta ag íospartaigh an chibearfhoréigin in aghaidh na mban agus na gcaillíní sna Ballstáit.
4. Ba cheart tús áite a thabhairt d’fheabhas a chur ar shonraí atá imdhealaithe de réir inscne ar leibhéal an Aontais Eorpaigh maidir lena leitheadúla atá an cibearfhoréigean in aghaidh na mban agus na gcaillíní agus leis an dochar a dhéanann sé. Ba cheart tús áite a thabhairt freisin do tháscairí a fhorbairt chun a éifeachtaí atá idirghabhálacha a mheas.
5. Maidir le haon chur chuige a ghlactar chun dul i ngleic leis an bhfadhb, is gá nach é an toradh atá air nach féidir le mná ná cailíní páirt iomlán a ghlacadh sa mhórspás poiblí atá ar fáil i nasc idirlín. Ba cheart ceist ar leith faoin bhforéigean inscne a chur ar áireamh i Suirbhé a dhéanfar ar ball ar fud an Aontais Eorpaigh. Baineann an cheist sin le cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh go bhfuil mná ag seachaint spásanna ar líne ar eagla go ndéanfaí cibearfhoréigean in aghaidh na mban agus na gcaillíní orthu.
6. Teastaíonn taighde cainníochtúil agus cáilíochtúil ina scrúdaítear freagairtí córais atá bunaithe ar thuairimí na n-íospartach.
7. Ba cheart oiliúint sa chibearfhoréigean in aghaidh na mban agus na gcaillíní a ngabhann peirspictíocht inscne léi a thabhairt isteach i bhfreagairtí na bpóilíní don chibearchoireacht.
8. Teastaíonn feachtais mhúscaillte feasachta lena dtugtar eolas do mhná agus cailíní faoin gcibearfhoréigean in aghaidh na mban agus na gcaillíní, faoi na cearta dlíthiúla atá acu agus faoi na seirbhísí tacaíochta atá ar fáil.
9. Ba cheart bearta coisctheacha a bhfuil baint ag an earnáil TFC leo a fhorbairt, lena n-áirítear caighdeáin féinrialála a ghlacadh chun stéiréitíopáil dhochrach ar bhonn inscne a sheachaint agus chun a chinntiú nach scaipfear íomhánna táireacha de mhná ná íomhánna lena ndéantar ceangal idir gnéas agus foréigean.
10. Maidir leis na hinstiúidí agus na gníomhaireachtaí ar leibhéal an Aontais Eorpaigh atá ag comhrac na cibearchoireachta, tá sé tábhachtach go dtéann siad i ngleic le cineálacha inscnebhunaithe cibearchoireachta, go háirithe mná agus cailíní a bheith á mealladh nó “á n-earcú” ar líne chuig cora dochracha amhail an gháinneáil.

Fonótaí

- (1) Is é an sainmhíniú a thugann Comhairle na hEorpa ar “foréigean in aghaidh na mban” ná “sárú ar chearta an duine agus cineál idirdhealaithe a dhéantar in aghaidh na mban agus folóidh sé gach gníomh foréigin inscne a mbeidh sé mar thoradh orthu, nó ar dócha go mbeidh sé mar thoradh orthu, go ndéanfar dochar fisiciúil, gnéasach, síceolaíoch nó eacnamaíoch do mhná nó go mbeidh siad thíos leo, lena n-áirítear bagairtí go ndéanfar na gníomhartha sin, comhéigean nó cailleadh treallach saoirse, bíodh sé sa saol poiblí nó sa saol príobháideach.” (<https://rm.coe.int/CoERMPublicCommonSearchServices/DisplayDCTM-Content?documentId=090000168008482e>)
- (2) Coimisiún Leathanbhanda na Náisiún Aontaithe um Fhorbairt Dhigiteach (2015). *Cyber Violence Against Women and Girls: A WorldWide Wake-Up Call*. Ar fáil ag: http://www.unwomen.org/-/media/headquarters/attachments/sections/library/publications/2015/cyber_violence_gender%20report.pdf?vs=4259
- (3) An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, an Roinn Sláinte agus Taighde Atáirgthe, Scoil Sláinteachais agus Míochaine Trópaicí Londan, Comhairle Taighde Leighis na hAfraice Theas (2013). *Global and regional estimates of violence against women: prevalence and health effects of intimate partner violence and non-partner sexual violence*, Ich 2. Ar fáil ag: <http://www.who.int/reproductivehealth/publications/violence/9789241564625/en/>
- (4) Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (2014). *Violence against women: an EU-wide survey — Main results*. Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Ich 104. Ar fáil ag: <http://fra.europa.eu/en/publication/2014/violence-against-women-eu-wide-survey-main-results-report>
- (5) Is é an aidhm atá le Sprioc 9.C de na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe rochtain uilíoch inacmhainne ar an idirlíon a chur ar fáil, rud atá mar aitheantas don acmhainn forbartha a bhaineann leis (Féach: <https://sustainabledevelopment.un.org/sdg9> agus <https://www.one.org/us/2015/09/26/the-connectivity-declaration-demanding-internet-access-for-all-and-implementation-of-the-global-goals/>).
- (6) Comhairle na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine (2016). Rún neamhcheangailteach. Airteagal 32: *The promotion, protection and enjoyment of human rights on the Internet*. Ar fáil ag: https://www.article19.org/data/files/Internet_Statement_Adopted.pdf
- (7) Staude-Müller, F., Hansen, B., Voss, M. (2012) How stressful is online victimization? Effects of victim’s personality and properties of the incident. *European Journal of Developmental Psychology*, 9(2). Ar fáil ag: <http://www.tandfonline.com/doi/abs/10.1080/17405629.2011.643170>
- (8) Ionad Taighde Pew (2014). *Online Harassment*. Ar fáil ag: <http://www.pewinternet.org/2014/10/22/online-harassment/>
- (9) Maple, C., Shart, E., Brown, A. (2011). *Cyber stalking in the United Kingdom: An Analysis of the ECHO Pilot Survey*. Ollscoil Bedfordshire. Ar fáil ag: <http://www.tandfonline.com/doi/abs/10.1080/17405629.2011.643170>
- (10) Is é seo an sainmhíniú a thugtar ar “Foréigean Dlíthpháirtnéara”: Patrún iompraíochtaí ionsaitheacha agus comhéigean, lena n-áirítear gníomhartha fisiciúla, gnéasacha agus síceolaíocha, mar aon le comhéigean eacnamaíoch, a bhféadann daoine fásta nó daoine óga iad a úsáid in aghaidh a ndlíthpháirtithe gan cead a fháil uathu. De bharr na náire, na heagla agus na dímrí a leanann astu, ní thuairiscítear na hiompraíochtaí sin go minic agus, dá bharr sin, ní chiontaítear ach líon beag daoine iontu. I bhformhór na gcásanna, is iad fir atá freagrach as foréigean dlíthpháirtithe a dhéanamh in aghaidh a bpáirtithe is mná (<http://eige.europa.eu/rdc/thesaurus/terms/1265>)
- (11) Burney, E. (2009). *Making People Behave: Anti-Social Behaviour. Politics and Policy*. Routledge. Agus: Chakraborti, N. & Garland, J. (2009). *Hate Crime: Impact, Causes and Responses*. An 2ú hEagrán. Londain: Sage Publications Ltd.
- (12) De réir líon mór imscrúduithe a rinneadh, agus ar a bhfuil tuiscint ag Pathé agus Mullen (1997), i measc daoine eile, is mó an dochar a dhéanann an chibearstalcaireacht do mhná ná a dhéanann sí d’fhir. (Pathé, M. & Mullen, P.E. (1997). The impact of stalkers on their victims. [Sliocht]. *British Journal of Psychiatry, Ean. 1997, 170(1)* 12-17. Ar fáil ag: <https://www.ncbi.nlm.nih.gov/pubmed/9068768#>
- (13) Faighte ag 11 % de mhná atá ríomhphoist gháirsiúla nó teachtaireachtaí SMS gáirsiúla nár iarradh agus atá gránna nó cluanaireacht mhíchuí ghránna ar shuíomhanna líonraithe shóisialta (FRA, 2014). *Violence against women: an EU-wide survey*. Tuarascáil ar na príomhthorthaí, 29, 95. Ar fáil ag: <http://fra.europa.eu/en/publication/2014/violence-against-women-eu-wide-survey-main-results-report>
- (14) Tá cineál cibearstalcaireachta amháin nó níos mó déanta ar 5 % de mhná san Aontas Eorpach ó bhain siad 15 bliana amach (FRA, 2014: 87). Sa chás sin, áiríodh leis

an gcibearstalcaireacht stalcaireacht a dhéanamh trí ríomhphost, trí theachtaireachtaí téacs nó ar an idirlíon.

(15) Anailís staitistiúil a rinne EIGE. D'fhulaing 1044 bhean ceann amháin nó níos mó de na trí chineál cibearstalcaireachta. Díobh sin, d'fhulaing 727 mbean cineál amháin ar a laghad d'fhoréigean fisiciúil agus/nó gnéasach ó dhlúthpháirtneír. Maidir leis an gcibirchiapadh, de na 677 mbean a d'fhulaing ceann amháin ar a laghad de na trí chineál ciaptha a aithnítear a bheith ina gcibirchiapadh, d'fhulaing 518 mbean (77 %) cineál amháin ar a laghad d'fhoréigean fisiciúil agus/nó gnéasach ó dhlúthpháirtneír freisin.

(16) Níl aon sainmhínte comhaontaithe ann ar leibhéal an Aontais Eorpaigh. Is féidir míniú ar gach cineál cibearfhoréigin in aghaidh na mban agus na gcaillíní a léamh anseo:

(17) Mar shampla:

- Chuir Tiziana Cantone, bean Iodálach, lámh ina bás féin sa bhliain 2016 de dheasca pornagrafaíocht díoltais. Briseadh as a bpost í roimhe sin: <http://www.bbc.com/news/world-europe-37377286>
- Chuir Amanda Todd, Ceanadach 15 bliana d'aois, lámh ina bás féin sa bhliain 2012 tar éis d'fhear íomhánna di a scaipeadh ar líne gan cead a fháil uaithi: <http://www.bbc.co.uk/newsbeat/article/19960162/amanda-todd-memorial-for-teenage-cyberbullying-victim>
- Chuir Julia Rebecca, cailín 17 mbliana d'aois ó Piauí, an Bhrasaíl, lámh ina bás féin sa bhliain 2013 tar éis íomhánna gnéasacha di féin agus dá pháirtneír a phostáil ar líne gan cead a fháil uaithi: <https://www.bustle.com/articles/9485-revenge-porn-legislation-called-for-in-brazil-following-17-year-olds-suicide>

(18) De réir suirbhé a rinne an Cyber Civil Rights Initiative sa bhliain 2015: <https://www.cybercivilrights.org/wp-content/uploads/2014/12/RPStatistics.pdf> (NB: úsáideadh sampla áise ina raibh 1,606 fhreagróirí sa suirbhé).

(19) Féach: <https://www.theguardian.com/technology/2015/jul/15/revenge-porn-cases-increase-police-figures-reveal>

(20) Nuair a dhúntar fearann amháin, is gnách go n-aimsítear roinnt fearann den chineál céanna. Is é "Is Anyone Up.com" an sampla is mó den phornagrafaíocht díoltais ar líne. D'fhaigheadh sé 350 000 amas gach lá agus spreag sé sraith seachshuíomhanna ar a raibh ainmneacha cosúla tar éis é a dhúnadh sa bhliain 2012: <https://www.theguardian.com/culture/us-news-blog/2012/dec/06/hunter-moore-isanyoneup-revenge-porn-website>

(21) <http://www.bbc.com/news/world-europe-38717186> agus <http://www.independent.co.uk/news/world/americas/chicago-teenager-gang-rape-facebook-live-video-dozens-watched-a7642866.html>

(22) An chibearstalcaireacht: stalcaireacht a dhéanamh trí ríomhphost, trí theachtaireachtaí téacs nó ar an idirlíon - téann sí i bhfeidhm ar mhná óga go háirithe. Sa 12 mhí roimh an agallamh, rinneadh cibearstalcaireacht ar a ceathair faoin gcéad de mhná idir 18 mbliana d'aois agus 29 mbliana d'aois sna 28 mBallstát den Aontas Eorpach. Is ionann é sin agus 1.5 milliún bean. Sa tréimhse chéanna, rinneadh cibearstalcaireacht ar 0.3 % de mhná atá 60 bliain nó níos sine. (FRA, 2014). *Violence against women: an EU-wide survey*. Tuarascáil ar na príomhthorthaí. Ar fáil ag: <http://fra.europa.eu/en/publication/2014/violence-against-women-eu-wide-survey-main-results-report>

(23) An ciapadh gnéasach: cineálacha neamhbhriathartha lena n-áirítear an cibirchiapadh. Faighte ag 11 % de mhná atá ríomhphoist gháirsiúla nó teachtaireachtaí SMS gáirsiúla nár iarradh agus atá gránna agus cluanaireacht mhíchuí ghránna ar shuíomhanna líonraithe shóisialta (ó bhí siad 15 bliana d'aois i leith). (FRA, 2014). *Violence against women: an EU-wide survey*. Tuarascáil ar na príomhthorthaí. Ar fáil ag: <http://fra.europa.eu/en/publication/2014/violence-against-women-eu-widesurvey-main-results-report>

(24) K. Helweg-Larsen, N. Schütt, & H.B. Larsen (2012). Predictors and protective factors for adolescent Internet victimization: results from a 2008 nationwide Danish youth survey. *Acta Paediatrica*, 101(5), 533-539.

(25) Ina measc bhí Sasana agus an Bhreatain Bheag, a rinne coir as an bpornagrafaíocht díoltais sa bhliain 2014. Rinne BBC anailís ar iarrataí saorála faisnéise ó 31 fhórsa póilíní i Sasana agus sa Bhreatain Bheag idir mí Aibreáin agus mí na Nollag 2015. Is cúis suntais, áfach, gurb amlhaidh i bhformhór na gcásanna nár taifeadadh inscne an íospartaigh ná an caidreamh idir an t-íospartach agus déantóir na coire, rud a bhaineann an bonn ó luach na sonraí: <https://docs.google.com/spreadsheets/d/1T6bqWcss4JKu7L9LV11Vly-z8FeYPUP42ZW-SNe3Gmw/edit#gid=2041719221>

(26) Henry, N. & Powell, A. (2015). Beyond the "sext": Technology-facilitated sexual violence and harassment against adult women. *Australian and New Zealand Journal of Criminology*, 48(1), 105.

(27) <http://www.bbc.com/news/uk-37278264>

(28) EAW (2013). *New Technology: Same Old Problems. Report of a roundtable on social media and violence against women and girls*. Ar fáil ag: http://www.endviolenceagainstwomen.org.uk/wp-content/uploads/Report_New_Technology_Same_Old_Problems.pdf, lch. 5.

- (²⁹) Féach fonóta 11.
- (³⁰) Nobles, M.R., Reyns, B.W., Fox, K.A. & Fisher, B.S. (2014). Protection against pursuit: A conceptual and empirical comparison of cyberstalking and stalking victimization among a national sample. *Justice Quarterly*, 31(6), 53-65.
- (³¹) Na treoirlínte ó Sheirbhís Ionchúisimh na Corónach maidir le hionchúiseamh a dhéanamh ar an gcion um ghrianghraif agus scannáin ghnéasacha phríobháideacha a nochtadh. Ar fáil ag:
- (³²) Seirbhís Ionchúisimh na Corónach (2016) *Violence against women and girls: Crime report 2015-16*, lch. 11. Ar fáil ag: http://www.cps.gov.uk/publications/docs/cps_vawg_report_2016.pdf
- (³³) <https://www.transatlantic-lawyer.com/2016/09/france-the-new-digital-law-is-adopted/>
- (³⁴) <https://www.theguardian.com/technology/2014/may/22/revenge-porn-victims-boost-german-court-ruling>
- (³⁵) <https://www.beds.ac.uk/research-ref/irac/nccr>
- (³⁶) Maple, C., Shart, E., Brown, A. (2011). *Cyber stalking in the United Kingdom: An Analysis of the ECHO Pilot Survey*. Ollscoil Bedfordshire. Ar fáil ag: https://www.beds.ac.uk/_data/assets/pdf_file/0003/83109/ECHO_Pilot_Final.pdf
- (³⁷) Preaseisiúint ó Rialtas na Ríochta Aontaithe (2015). Ar fáil ag: <https://www.gov.uk/government/news/hundreds-of-victims-of-revenge-porn-seek-support-from-helpline>
- (³⁸) Report of the Office of the High Commissioner for Human Rights on ways to bridge the gender digital divide from a human rights perspective — freagra ón tSlóivéin. Ar fáil ag: <http://www.ohchr.org/Documents/Issues/Women/WRGS/GenderDigital/SLOVENIA.docx>
- (³⁹) https://ec.europa.eu/home-affairs/what-we-do/policies/organized-crime-and-human-trafficking/cybercrime_en



Is é an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE) lárionad eolais an Aontais Eorpaigh um chomhionannas inscne. Cuireann EIGE tacaíocht ar fáil don lucht déanta beartas agus gach institiúid ábhartha agus iad ag iarraidh an comhionannas idir fir agus mná a chur i bhfeidhm i saol na nEorpach ach saineolas sonrath agus sonraí inchoimparáide iontaoifa a chur ar fáil dóibh maidir leis an gcomhionannas inscne san Eoraip.

© An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne, 2017
Údaraitear atáirgeadh, ar choinníoll go n-admhaítear an fhoinse.

